



Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 17 Meitheamh 2025
(OR. en)

9588/25

Comhad Idirinstitiúideach:
2025/0146(NLE)

ECOFIN 634
UEM 183
FIN 596
ECB
EIB

GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE

Ábhar: CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear
Cinneadh Cur Chun Feidhme an 28 Iúil 2021 maidir le formheas an
mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Liotuáine

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE

an ...

lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme an 28 Iúil 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Liotuáine

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta¹, agus go háirithe Airteagal 20(1) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

¹ IO L 57, 18.2.2021, lch. 17, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2021/241/oj>.

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) I ndiaidh don Liotuáin an plean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta a chur isteach an 14 Bealtaine 2021, mhol an Coimisiún a mheasúnú dearfach don Chomhairle. An 28 Iúil 2021, d'fhorghas an Chomhairle an measúnú dearfach trí bhíthin cinneadh cur chun feidhme ('Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 28 Iúil 2021')². Leasaíodh an Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 28 Iúil 2021 le cinntí cur chun feidhme ón gComhairle an 9 Samhain 2023³ agus an 8 Deireadh Fómhair 2024⁴.
- (2) An 29 Samhain 2024, rinne an Liotuáin iarraidh réasúnaithe ar an gCoimisiún togra a dhéanamh Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 28 Iúil 2021 a leasú i gcomhréir le hAirteagal 21(1) de Rialachán (AE) 2021/241, ós rud é nach féidir an plean téarnaimh agus athléimneachta a bhaint amach ina iomláine a thuilleadh i ngeall ar imthosca oibiachtúla. Ar an mbonn sin, tá plean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe curtha isteach ag an Liotuáin.

Leasuithe bunaithe ar Airteagal 21 de Rialachán (AE) 2021/241

- (3) Na leasuithe ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta a chuir an Liotuáin isteach i ngeall ar imthosca oibiachtúla, baineann siad le 52 bheart nó fhobheart.

² Féach doiciméid ST 10477/21 agus ST 10477/21 ADD 1 ag <http://register.consilium.europa.eu>.

³ ST 14637/23, ST 14637/23 agus ST 14637/23 ADD 1 ag <http://register.consilium.europa.eu>.

⁴ Féach doiciméid ST 13498/24 agus ST 13498/24 ADD 1 ag <http://register.consilium.europa.eu>.

- (4) Mhínigh an Liotuáin nach féidir 15 bheart nó bhfobheart a bhaint amach ina n-iomláine a thuilleadh, i ngeall ar éileamh athraithe an mhargaidh. Baineann sé sin le spriocanna 32 agus 33 faoi fhobheart B.1.2.1 (Tacaíocht d'fheithiclí glasa a cheannach ag an earnáil phoiblí agus ag gnólachtaí) faoi chomhchuid 2 (Aistriú Glas na Liotuáine); spriocanna 34, 35 agus 36 faoi fhobheart B.1.2.2 (Tacaíocht d'fheithiclí iompair phoiblí atá saor ó astaíochtaí a cheannach) faoi chomhchuid 2 (Aistriú Glas na Liotuáine); spriocanna 38, 39, 40, 41, 42 agus 43 faoi fhobheart B.1.2.3 (Bonneagar luchtaithe feithiclí/líonta breosla ailtéarnaigh a shuiteáil) faoi chomhchuid 2 (Aistriú Glas na Liotuáine); spriocanna 45 agus 47 faoi fhobheart B.1.2.4 (Tacaíocht chun an earnáil breoslaí in- athnuaite fuinnimh a fhorbairt (gás bithmheatáin, bithbhreoslaí leachtacha den dara glúin le haghaidh iompair, agus hidrigin ghlas)) faoi chomhchuid 2 (Aistriú Glas na Liotuáine); sprioc 52 faoi fhobheart B.1.3.3 (Soláthar táirgí agus seirbhísí foirgníochta a chur chun cinn lena gcuirtear dlús le hathchóiriú foirgneamh) faoi chomhchuid 2 (Aistriú Glas na Liotuáine); spriocanna 55 agus 56 faoi bheart B.1.4 (Acmhainn ionsúcháin GCT a mhéadú) faoi chomhchuid 2 (Aistriú Glas na Liotuáine); spriocanna 65, 66 agus 67 faoi bheart C.1.2 (Éifeachtacht bainistíochta sonraí agus sonraí oscailte a áirithiú) faoi chomhchuid 3 (An claochlú digiteach ar mhaithe leis an bhfás); sprioc 81 faoi fhobheart C.1.4.4 (Ionstraimí airgeadais le haghaidh cruthú gnó agus nuálaíocht dhigiteach) faoi chomhchuid 3 (An claochlú digiteach ar mhaithe leis an bhfás); sprioc 90 faoi fhobheart C.1.5.3 (Nuálaíocht sa tsoghluaisteacht) faoi chomhchuid 3 (An claochlú digiteach ar mhaithe leis an bhfás); cloch mhíle 98 faoi fhobheart D.1.1.4 (Inniúlachtaí na foirne oideolaíochta a neartú) faoi chomhchuid 4 (Oideachas inrochtana agus ar ardchaighdeán don tsaoiré iomlán);

sprioc 123 faoi fhobheart E.1.1.2 (Ardoideachas ar ardchaighdeán agus institiúidí ardoideachais láidre) faoi chomhchuid 5 (An t-ardoideachas, creat comhtháite chun taighde agus nuálaíocht agus gnó ard-bhreislúacha a spreagadh); fobheart E.1.1.3 (Iomaíochas idirnáisiúnta na n-institiúidí ardoideachais a neartú) faoi chomhchuid 5 (An t-ardoideachas, creat comhtháite chun taighde agus nuálaíocht agus gnó ard-bhreislúacha a spreagadh); sprioc 135 agus sprioc 136 faoi fhobheart E.1.3.3 (An eolaíocht agus an gnó a spreagadh chun páirt a ghlacadh i gclár taighde agus nuálaíochta an Aontais, Fís Eorpach, agus i gcláir chistiúcháin idirnáisiúnta eile) faoi chomhchuid 5 (An t-ardoideachas, creat comhtháite chun taighde agus nuálaíocht agus gnó ard-bhreislúacha a spreagadh); agus spriocanna 202 agus 203 faoi fhobheart H.1.3.2 (Tacaíocht chun gléasraí RES ar talamh a thógáil (grianchumhacht agus cumhacht ghaoithe)) faoi chomhchuid 8 (REPowerEU); agus beart H.3.1 (Tacaíocht do ghléasraí RES (grianfhuinneamh agus gaoth ar tír) faoi chomhpháirt 8 (REPowerEU). Ar an mbonn sin, d'iarr an Liotuáin na bearta, (na fobhearta), na clocha míle agus na spriocanna thuasluaite a leasú. Thairis sin, d'iarr an Liotuáin sprioc 31 faoi fhobheart B.1.2.1 (Tacaíocht d'fheithiclí glasa a cheannach ag an earnáil phoiblí agus ag gnólachtaí) faoi chomhchuid 2 (Aistriú Glas na Liotuáine) a bhaint. Thairis sin, d'iarr an Liotuáin sprioc 32a agus cloch mhíle 32b faoi fhobheart B.1.2.1 (Tacaíocht d'fheithiclí glasa a cheannach ag an earnáil phoiblí agus ag gnólachtaí) faoi chomhchuid 2 (Aistriú Glas na Liotuáine) a chur isteach. Ba cheart an Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 28 Iúil 2021 a leasú dá réir.

- (5) Mhínigh an Liotuáin nach féidir ceithre bheart nó fobheart a bhaint amach a thuilleadh, de bharr méadú costais mar gheall ar bhoilsciú ard. Baineann sé sin le sprioc 19 faoi fhorbairt A.1.3.2 (Lárionaid um braisle galar tógálach a nuachóiriú) faoi chomhchuid 1 (Córas sláinte athléimneach a sheasfaidh an aimsir); spriocanna 100 agus 101 faoi fhorbairt D.1.1.5 (An t-éiceachóras STEAM (an Eolaíocht, an Teicneolaíocht, an Innealtóireacht, na hEalaíona agus an Mhatamaitic) a fhorbairt) faoi chomhchuid 4 (Oideachas inrochtana agus ar ardchaighdeán don tsaolré iomlán); spriocanna 117 agus 118 faoi fhorbairt D.1.4.3 (Printíseacht agus foghlaim obairbhunaithe) faoi chomhchuid 4 (Oideachas inrochtana agus ar ardchaighdeán don tsaolré iomlán); agus spriocanna 190 agus 191 faoi fhorbairt G.1.2.2 (Raon feidhme agus éagsúlacht na mbeart tacaíochta fostaíochta a mhéadú, rannchuidiú le spriocanna an chlaohlaithe dhigitigh agus ghlais agus an geilleagar ciorclach a chur chun cinn) faoi chomhchuid 7 (Tuilleadh deiseanna do gach duine chun an fholláine náisiúnta a chothú go gníomhach). Ar an mbonn sin, d'iarr an Liotuáin na clocha míle agus spriocanna sin a leasú. Ba cheart an Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 28 Iúil 2021 a leasú dá réir.
- (6) Mhínigh an Liotuáin nach féidir dhá bheart nó fhorbairt a bhaint amach a thuilleadh, mar gheall ar mhoilleanna ar thaobh conraitheoirí nó soláthróirí, moilleanna nach bhfuil smacht ag na húdaráis náisiúnta orthu. Baineann sé sin le cloch mhíle 148a faoi fhorbairt F.1.3.1 (Feabhsuithe ar an gcreat buiséadach) faoi chomhchuid 6 (Earnáil phoiblí éifeachtúil agus réamhchoinníollacha chun téarnamh tar éis na paindéime) agus cloch mhíle 195 faoi fhorbairt H.1.1.1 (Pacáistí agus caighdeáin athchóirithe foirgneamh a thabhairt cothrom le dáta agus a thástáil sa chleachtas) faoi chomhchuid 8 (REPowerEU). Ar an mbonn sin, d'iarr an Liotuáin na clocha míle sin a leasú. Ba cheart an Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 28 Iúil 2021 a leasú dá réir.

- (7) Mhínigh an Liotuáin go bhfuil leasú déanta ar 14 bheart nó fhobheart chun roghanna malartacha níos fearr a chur chun feidhme ar mhaithe le huaillmhian bhunaidh an bhirt a bhaint amach. Baineann sé sin le: sprioc 20 faoi fhobheart A.1.3.3 (Nuachóiriú aonaid leighis éigeandála, athbheochana agus dianchúraim in ospidéal réigiúnacha) faoi chomhchuid 1 (Córas sláinte athléimneach a sheasfaidh an aimsir); spriocanna 25 agus 26 faoi fhobheart B.1.1.2 (Tacaíocht chun gléasraí RES ar talamh a thógáil (grianchumhacht agus cumhacht ghaoithe) agus saoráidí stórála aonair) faoi chomhchuid 2 (Aistriú Glas na Liotuáine); spriocanna 53 agus 54 faoi fhobheart B.1.3.4 (Tacaíocht d'athchóiriú níos tapúla foirgneamh i gcomhréir le caighdeán athchóirithe foirgneamh atá cothrom le dáta) faoi chomhchuid 2 (Aistriú Glas na Liotuáine); clocha míle 59, 62 agus 63 faoi fhobheart C.1.1 (Rialachas teicneolaíochta faisnéise poiblí a chlaochlú — Cibearshlándáil stáit a fhorbairt) faoi chomhchuid 3 (An claochlú digiteach ar mhaithe leis an bhfás); fobheart C.1.5.2 (Líonraí fíor-ardacmhainne a fhorbairt tuilleadh) faoi chomhchuid 3 (An claochlú digiteach ar mhaithe leis an bhfás); spriocanna 119 agus 120 faoi fhobheart D.1.4.5 (Tuilleadh deiseanna chun gairm a fháil do dhaltaí scoile) faoi chomhchuid 4 (Oideachas inrochtana agus ar ardchaighdeán don tsaoiré iomlán); fobheart E.1.1.1 (Feabhas a chur ar chistiú ardoideachais agus ar chórais iontrála mac léinn) faoi chomhchuid 5 (An t-ardoideachas, creat comhtháite chun taighde agus nuálaíocht agus gnó ard-bhreislúacha a spreagadh); sprioc 131 faoi fhobheart E.1.2.3 (Forbairt éiceachóras na ngnólachtaí nuathionscanta a chothú) faoi chomhchuid 5 (An t-ardoideachas, creat comhtháite chun taighde agus nuálaíocht agus gnó ard-bhreislúacha a spreagadh);

cloch mhíle 143 faoi fhobheart F.1.2.1 (Deireadh a chur le díolúintí cánach agus córais chánach speisialta atá neamhéifeachtúil, nach léiríonn tosaíochtaí stáit a thuilleadh nó nach gcomhlíonann an Comhaontú Glas) faoi chomhchuid 6 (Earnáil phoiblí éifeachtúil agus réamhchoinníollacha chun téarnamh tar éis na paindéime); sprioc 159 faoi fhobheart F.1.4.4 (Cáiníocóirí a bheidh ann amach anseo a liteartha ó thaobh airgeadais de) faoi chomhpháirt 6 (Earnáil phoiblí éifeachtúil agus réamhchoinníollacha chun téarnamh tar éis na paindéime); cloch mhíle 170 faoi fhobheart F.1.6.5 (Uirlisí nua anailíse sonraí agus córais TF Custaim a uasghrádú) faoi chomhchuid 6 (Earnáil phoiblí éifeachtúil agus réamhchoinníollacha chun téarnamh tar éis na paindéime); cloch mhíle 181 faoi fhobheart G.1.1.1 (Staidéar ar an scéim ioncaim íosta agus athruithe gaolmhara ar an reachtaíocht) faoi chomhchuid 7 (Tuilleadh deiseanna do gach duine chun an fholláine náisiúnta a chothú go gníomhach); cloch mhíle 183 faoi fhobheart G.1.1.2 (Bearta breise chun leordhóthanacht agus inbhuanaitheacht sochar sóisialta a mhéadú) faoi chomhpháirt 7 (Tuilleadh deiseanna do chách chun folláine náisiúnta a thógáil go gníomhach); agus clocha míle 197 agus 198 faoi fhobheart H.1.2 (Ceannach feithiclí iompair ar uiscebhealaí intíre atá saor ó astaíochtaí a chur chun cinn) faoi chomhchuid 8 (REPowerEU). Ar an mbonn sin, d'iarr an Liotuáin na clocha míle agus na spriocanna sin a leasú. Ba cheart an Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 28 Iúil 2021 a leasú dá réir.

- (8) Mhínigh an Liotuáin go ndearnadh 15 bheart nó fobheart a leasú chun rogha mhalartach níos fearr a chur chun feidhme lenar féidir an t-ualach riaracháin a laghdú agus cuspóirí an bhirt lena mbaineann á mbaint amach an tráth céanna. Baineann sé sin le sprioc 4 faoi fhobheart A.1.1.4 (Bunsamhail seachadta seirbhíse sláinte poiblí a bhunú) faoi chomhchuid 1 (Córas sláinte athléimneach a sheasfaidh an aimsir); spriocanna 8 agus 9 faoi fhobheart A.1.1.8 (Bailiúchán ionadaíoch sonraí géanóim tagartha a chruthú laistigh den tionscadal sláinte ‘Genome Europe’) faoi chomhchuid 1 (Córas sláinte athléimneach a sheasfaidh an aimsir); sprioc 13a faoi fhobheart A.1.1.11 (Digiteáil na hearnála cúraim sláinte) faoi chomhchuid 1 (Córas sláinte athléimneach a sheasfaidh an aimsir); spriocanna 16 agus 17 faoi fhobheart A.1.2.2 (Acmhainní daonna agus acmhainneacht bonneagair a mhéadú chun seirbhísí cúraim fhadtéarmaigh a sholáthar) faoi chomhchuid 1 (Córas sláinte athléimneach a sheasfaidh an aimsir); spriocanna 16 agus 17 faoi fhobheart A.1.2.2 (Acmhainní daonna agus acmhainneacht bonneagair a mhéadú chun seirbhísí cúraim fhadtéarmaigh a sholáthar) faoi chomhchuid 1 (Córas sláinte athléimneach a sheasfaidh an aimsir); clíoch mhíle faoi fhobheart B.1.3.1 (Pacáistí agus caighdeáin athchóirithe foirgneamh a nuashonrú agus modheolaíocht chun cathracha inbhuanaithe a fhorbairt a chruthú)) faoi chomhchuid 2 (Claochlú glas na Liotuáine); cloch mhíle 58 faoi fhobheart B.1.5 (I dtreo geilleagar ciorclach) faoi chomhchuid 2 (Claochlú glas na Liotuáine); sprioc 79 faoi fhobheart C.1.4.3 (Ábhar agus acmhainní oideachais dhigitigh a tháirgeadh) faoi chomhchuid 3 (An claochlú digiteach ar mhaithe leis an bhfás); beart C.1.5 (Céim i dtreo 5G) faoi chomhchuid 3 (An claochlú digiteach ar mhaithe leis an bhfás); sprioc 85 faoi fhobheart C.1.5.1 (Treochlár 5G) faoi chomhchuid 3 (An claochlú digiteach ar mhaithe leis an bhfás); clocha mhíle 96 agus 97 faoi fhobheart D.1.1.3 (Clár Scoil na Mílaoise) faoi chomhchuid 4 (Oideachas inrochtana agus ar ardchaighdeán don tsaoiré iomlán);

sprioc 130 faoi fhobheart E.1.2.4 (Forbairt na nuálaíochta glaise a chur chun cinn) faoi chomhchuid 5 (An t-ardoideachas, creat comhtháite chun taighde agus nuálaíocht agus gnó ard-bhreislúacha a spreagadh); beart E.3.1 (Iasachtaí le fiontair chun teicneolaíochtaí glasa agus ard-bhreislúacha a fhorbairt le haghaidh forbairt thionsclaíoch) faoi chomhchuid 5 (An t-ardoideachas, creat comhtháite chun taighde agus nuálaíocht agus gnó ard-bhreislúacha a spreagadh); fobheart F.1.2.2. (An bonn cánach a leathnú tuilleadh chuig foinsí nach gcuireann isteach ar an bhfás eacnamaíoch) faoi chomhpháirt 6 (Earnáil phoiblí éifeachtúil agus réamhchoinníollacha chun téarnamh tar éis na paindéime); clocha mhíle 174 agus 176 faoi fhobheart F.1.7.2 (Réiteach a chruthú chun r-choinsíneachtaí idirnáisiúnta a chumasú) faoi chomhchuid 6 (Earnáil phoiblí éifeachtúil agus réamhchoinníollacha chun téarnamh tar éis na paindéime); agus sprioc 196 faoi fhobheart H.1.1.2 (Tacaíocht d'athchóiriú níos tapúla ar fhoirgnimh (méadaithe)) faoi chomhchuid 8 (REPowerEU). Ar an mbonn sin, d'iarr an Liotuáin faisnéis chúlra nó eilimintí nós imeachta nach bhfuil gá leo agus nach rannchuidíonn le cuspóirí na mbeart a bhaint, gnéithe áirithe a bhaineann le cuspóirí nó le comhthéacs na mbeart a shoiléiriú, agus tuairisc ar bhearta nó ar fhobhearta nó ar chlocha míle agus ar spriocanna a chruthaíonn ualach riaracháin gan údar a shimpliú chun cuspóirí na mbeart a bhaint amach. Thairis sin, d'iarr an Liotuáin spriocanna 12 agus 13 faoi fhobheart A.1.1.11 (Digiteáil na hearnála cúraim sláinte) faoi chomhchuid 1 (Córas sláinte athléimneach a sheasfaidh an aimsir) a bhaint. Ba cheart an Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 28 Iúil 2021 a leasú dá réir.

- (9) Mhínigh an Liotuáin maidir le cloch mhíle 172 faoi fhobheart F.1.6.6 (Feabhas a chur ar inniúlachtaí foirne na Cigireachta Cánach Stáit agus Chustaim na Liotuáine) faoi chomhchuid 6 (Earnáil phoiblí éifeachtúil agus réamhchoinníollacha chun téarnamh tar éis na paindéime) nach féidir í a bhaint amach ina hiomláine a thuilleadh toisc an t-ualach oibre méadaithe sa riarachán custaim mar gheall ar smachtbhannaí arna bhforchur ar an Rúis agus ar an mBealarúis. Ar an mbonn sin, d'iarr an Liotuáin síneadh a chur le hamlíne chur chun feidhme na cloiche míle sin. Ba cheart an Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 28 Iúil 2021 a leasú dá réir.
- (10) Mhínigh an Liotuáin maidir le cloch mhíle 22 faoi fhobheart B.1.1.1 (Céimeanna ullmhúcháin chun bonneagar gaoithe amach ón gcósta a fhorbairt) faoi chomhchuid 2 (Aistriú Glas na Liotuáine) nach féidir í a bhaint amach ina hiomláine a thuilleadh mar gheall ar chomhairliúcháin trasteorann le Poblacht na Laitvia a mhair tréimhse fhada, rud nach raibh coinne leis. Ar an mbonn sin, d'iarr an Liotuáin an chloch mhíle sin a leasú. Ba cheart an Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 28 Iúil 2021 a leasú dá réir.
- (11) Measann an Coimisiún, leis na cúiseanna arna gcur chun cinn ag an Liotuáin, go bhfuil údar maith leis na leasuithe de bhun Airteagal 21(2) de Rialachán (AE) 2021/241. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 28 Iúil 2021 a leasú dá réir.

Dáileadh na gcloch míle agus na spriocanna

- (12) Ba cheart dáileadh na gcloch míle agus na spriocanna i dtráthchodanna a mhodhnú chun na leasuithe ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta agus an amlíne tháscach a chuir an Liotuáin i láthair a chur san áireamh.

Ceartúchán ar earráidí cléireachais

- (13) Sainithníodh trí earráid chléireachais i dtéacs an Chinnidh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 28 Iúil 2021, lena ndéantar difear do thrí sprioc faoi chomhchuid amháin. Ba cheart an Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 28 Iúil 2021 a leasú chun na hearráidí cléireachais sin a cheartú, earráidí, nach dtagann le hábhar an phlean téarnaimh agus athléimneachta a cuireadh faoi bhráid an Choimisiúin an 14 Bealtaine 2021, mar a comhaontaíodh idir an Coimisiún agus an Liotuáin. Baineann na hearráidí cléireachais sin le spriocanna 102, 103 agus 104 faoi bheart D.1.1.6 (Oideachas Ginearálta Nua-Aimseartha – Cúlra d’Inniúlachtaí Iomaíocha) faoi chomhchuid 4 (Oideachas inrochtana agus ar ardchaighdeán don tsaolré iomlán). Ní dhéanann na ceartúcháin sin difear do chur chun feidhme na mbeart lena mbaineann.

Measúnú an Choimisiúin

- (14) Measann an Coimisiún nach ndéanann na leasuithe a chuir an Liotuáin chun cinn difear don mheasúnú dearfach maidir leis an plean téarnaimh agus athléimneachta a leagtar amach i gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 28 Iúil 2021 maidir le hábharthacht, éifeachtacht, éifeachtúlacht agus comhleanúnachas an phlean téarnaimh agus athléimneachta i gcomparáid leis na critéir mheasúnaithe a leagtar síos in Airteagal 19(3) de Rialachán (AE) 2021/241.

Rannchuidiú leis an aistriú glas, lena n- áirítear an bhithéagsúlacht

- (15) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (e) de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.5 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, tá bearta sa phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe a chuireann go mór (rátaíl A) leis an aistriú glas, lena n-áirítear an bhithéagsúlacht, nó a thugann aghaidh ar na dúshláin a eascraíonn as sin. Baineann na bearta a thacaíonn le cuspóirí aeráide le méid arb é atá ann 37,4 % de leithdháileadh iomlán an phlean téarnaimh agus athléimneachta, méid arna ríomh i gcomhréir leis an modheolaíocht a leagtar amach in Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/241. I gcomhréir le hAirteagal 17 den Rialachán sin, tá an plean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe comhsheasmhach leis an bhfaisnéis atá sa Phlean Náisiúnta Fuinnimh agus Aeráide 2021-2030.
- (16) Níl tionchar suntasach ag na bearta a baineadh nó a laghdaíodh ar uailmhian fhoriomlán an phlean téarnaimh agus athléimneachta maidir leis an aistriú glas. Rannchuidiú aeráide an phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe, is 37,4 % atá ann i gcónaí i gcomparáid leis an measúnú leasaithe.

Rannchuidiú leis an aistriú digiteach

- (17) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (f) de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.6 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, tá bearta sa phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe a chuireann go mór (rátaíl A) leis an aistriú digiteach nó le haghaidh a thabhairt ar na dúshláin a eascraíonn as. Baineann na bearta a thacaíonn le cuspóirí digiteacha le méid arb é atá ann 22,1 % de leithdháileadh iomlán an phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe, méid arna ríomh i gcomhréir leis an modheolaíocht a leagtar amach in Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/241.

- (18) Níl tionchar suntasach ag na bearta a baineadh nó a laghdaíodh ar uailmhian fhoriomlán an phlean téarnaimh agus athléimneachta maidir leis an aistriú digiteach. Tá laghdú tagtha ar rannchuidiú digiteach an phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe ó 23,3 % go 22,1 % i gcomparáid leis an measúnú leasaithe.

Measúnú dearfach

- (19) Tar éis an mheasúnaithe dhearfaigh ón gCoimisiún maidir leis an bplean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe, measúnú inar cinneadh go gcomhlíonann an plean go sásúil na critéir mheasúnaithe a leagtar amach i Rialachán (AE) 2021/241, i gcomhréir le hAirteagal 20(2) den Rialachán sin agus le hIarscríbhinn V a ghabhann leis, ba cheart na hathchóirithe agus na tionscadail infheistíochta is gá chun an plean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe a chur chun feidhme, ba cheart iad a leagan amach, iad sin agus na clocha míle, na spriocanna agus na táscairí ábhartha, maille leis an méid a chuirfidh an tAontas ar fáil i bhfoirm tacaíochta airgeadais neamh-iníoctha le haghaidh chur chun feidhme an phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe.

Rannchuidiú airgeadais

- (20) Is é EUR 3 849 237 823 costas iomlán measta phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe na Liotuáine. Ós rud é go bhfuil méid chostas iomlán measta an phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe níos airde ná an ranníocaíocht uasta airgeadais nuashonraithe atá ar fáil don Liotuáin, ba cheart an ranníocaíocht airgeadais iomlán arna cinneadh i gcomhréir le hAirteagal 20(4) agus Airteagal 21a(6) arna leithdháileadh ar phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe na Liotuáine a bheith comhionann le EUR 2 297 565 464. Dá bhrí sin, níl aon athrú ar an ranníocaíocht airgeadais a cuirtear ar fáil don Liotuáin.

- (21) Ba cheart méid na ranníocaíochta airgeadais don Liotuáin a chinneadh i gcomhréir le hAirteagal 20 de Rialachán (AE) 2021/241. Mar sin féin, de bhun Chinneadh Cur Chun Feidhme ón gCoimisiún an 6 Bealtaine 2024 maidir le laghdú ar mhéid na chéad tráthchoda den tacaíocht neamh-inaisíoctha don Liotuáin, arna ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 24(8) de Rialachán (AE) 2021/241, laghdaíodh an ranníocaíocht airgeadais faoi EUR 8 733 750 agus ní féidir leis an Liotuáin a heisiocaíocht a iarraidh ar an gCoimisiún.

Iasachtaí

- (22) Níl aon athrú ar an tacaíocht iasachta a cuirtear ar fáil don Liotuáin dar luach EUR 1 551 672 358.
- (23) Ba cheart, dá bhrí sin, Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle; an 28 Iúil 2021 a leasú dá réir. Ar mhaithe le soiléireacht, ba cheart an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 28 Iúil 2021 a ionadú go hiomlán,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 28 Iúil 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Liotuáine mar a leanas:

- (1) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 1:

‘Airteagal 1

Formheas an mheasúnaithe ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta

Formheastar an measúnú ar phlean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta leasaithe na Liotuáine a rinneadh ar bhonn na gcritéar dá bhforáiltear in Airteagal 19(3) de Rialachán (AE) 2021/241. Leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo na hathchóirithe agus na tionscadail infheistíochta faoin bplean téarnaimh agus athléimneachta, na socruithe agus an t-amchlár i ndáil le faireachán a dhéanamh ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta agus é a chur chun feidhme, lena n-áirítear na clocha míle na clocha míle breise agus na spriocanna ábhartha a bhaineann le híocaíocht na hiasachta, na táscairí ábhartha a bhaineann le comhlíonadh na gcloch míle agus na spriocanna atá beartaithe, agus na socruithe chun rochtain iomlán ar na bunsonraí ábhartha a sholáthar don Choimisiún.’;

- (2) cuirtear an téacs a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo in ionad na hIarscríbhinne.

Airteagal 2

Is chuig Poblacht na Liotuáine a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh in/sa ...,,

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán
